

## GLAO AR LÉIRITHE SPÉISE DO BHAILL FOIRNE AR CONRADH

**OHIM/CAST/15/2015**  
**Oifigeach um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa III (FGIII)**  
**Saineolaí um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa IV (FGIV)**

***Spriocdháta le haghaidh clárúcháin:***  
***21 Nollaig 2015, 12:00 am na Bruiséile***

Tá nós imeachta roghnóireachta á sheoladh ag an Oifig um Chomhchuíbhíú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM) chun bunachar sonraí iarrthóirí a bhunú as a ndéanfar gníomhairí ar conradh a earcú. Eagrófar an nós imeachta roghnóireachta le tacaíocht theicniúil ón Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO).

Úsáidfídh OHIM an bunachar sonraí chun poist a líonadh atá bunaithe in Alicante na Spáinne, agus don chuspóir sin amháin.

Is ionann na téarmaí fostaíochta a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na baill foirne sin agus iadsan atá leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CFSE), i gcomhair ball foirne ar conradh faoi Airteagal 3a díobh. I gcomhair théacs iomlán an doiciméid sin, féach le do thoil ar <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20110101:EN:PDF> (caibidil IV, lch. 215).

Clúdófar riachtanais na hOifige thar an tréimhse 2016-2019 leis na poist. Cuirfear conarthaí i gcrích ar feadh tréimhse tosaigh suas le cúig bliana agus féadfar iad a athnuachan uair amháin ar a mhéad ar feadh tréimhse shocraithe bhreise nach faide ná cúig bliana.

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar fheidhmghrúpa amháin:

**Oifigeach um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa III (FGIII)**  
**Saineolaí um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa IV (FGIV)**

Is mian linn a chur in iúl duit gurb iondúil go bhfreagraíonn líon mór iarrthóirí ardcháilithe na Glaonna ar léiriú spéise do bhaill foirne ar conradh. Ina theannta sin, i gcás an Ghlaos shonraigh seo, ní dhéanfar ach líon teoranta iarrthóirí arna gclárú sa bhunachar sonraí a chur ar an ngearrliosta, a thástáil, agus a chur faoi agallamh, agus ní thairgfear post ach do líon teoranta iarrthóirí ar deireadh.

### **CAD IAD NA CÚRAIMÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH ORM?**

Faoi mhaoirseacht oifigigh nó baill foirne shealadaigh, tabharfaidh an ball foirne ar conradh faoi chúraimí i réimse na Maoine Intleachtúla.

**Próifílí atáthar á lorg:**

#### **FGIII - Oifigeach um Maoin Intleachtúil**

Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint trádmarcanna Comhphobail (TMC) agus dearáil Comhphobail cláraithe (DCC) agus le maoin intleachtúil i gcoitinne.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na dualgais: tacú le scrúdú a dhéanamh ar gach gné a bhaineann le hiarratais agus clarúcháin TMC agus DCC, tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cearta maoin intleachtúla go ginearálta, lena n-áirítear cur chun feidhme tionscadal comhair agus cóineasaithe.

Ní mór taithí a bheith ag na hiarrthóirí i réimse na maoin intleachtúla, go háirithe i dtaobh cúraimí teicniúla a bhaineann le hiarratais ar thrádmharcanna agus dearaí agus clárú trádmharcanna agus dearaí. Éilítear leis na dualgais sin an cumas chun tacaíocht riaracháin agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil chomh maith le heolas an-mhaith ar bhogearraí caighdeánacha oifige.

#### **FG IV - Saineolaí um Maoin Intleachtúil**

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint trádmharcanna Comhphobail (TMC) agus dearaí cláraithe Comhphobail (DCC) agus le maoin intleachtúil i gcoitinne; páirt a ghlacadh i mbearta comhair agus comhchuibhithe leis na hoifigí náisiúnta um maoin intleachtúil san Aontas Eorpach.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na dualgais: gach gné a bhaineann le hiarratais agus clarúcháin TMC agus DCC a láimhseáil; comhairle dlí agus réiteach díospóide a chur ar fáil, faisnéis agus sonraí i dtaobh cearta maoin intleachtúla a thiomsú, a anailísiú agus a scaipeadh.

Ní mór taithí a bheith ag na hiarrthóirí i réimse na maoin intleachtúla. Éilítear leis na dualgais sin an cumas chun a bheith ag obair i dtimpeallacht idirnáisiúnta/ilchultúrtha, an cumas chun dul i mbun oibre go tapa as stuaim an oibrí féin, agus taithí maidir le hoibriú mar fhoireann.

### **AN BHFUILIM INCHÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH?**

Cuireann na hInstitiúidí agus na gníomhaireachtaí Eorpacha beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

Ar an dáta ar a ndéanfar d'iarratas a bhailíochtú, ní mór duit GACH ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

Coinníollacha ginearálta	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní mór duit a bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach</li> <li>• Ní mór aon dualgas de réir dlí náisiúnta maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat</li> <li>• Ní mór go gcomhlíonfá na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist</li> <li>• Ní mór duit a bheith corpacmhainneach chun na dualgais is gá a chomhlíonadh</li> </ul>
Coinníollacha sonracha: teangacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Teanga 1: bunleibhéal - C1 i gceann ar bith de 24 theanga oifigiúla an AE</li> <li>• Teanga 2: bunleibhéal - B2 sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, sa Spáinnis; is gá nach ionann í agus teanga 1</li> </ul> <p><i>Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: BG (an Bhulgáiris),</i></p>

	<p><i>CS (an tSeicis), DA (an Danmhairgis), DE (an Ghearmáinis), EL (an Ghréigis), EN (an Béarla), ES (an Spáinnis), ET (an Eastóinis), FI (an Fhionlainnis), FR (an Fhraincis), GA (an Ghaeilge), HR (an Chróitis), HU (an Ungáiris), IT (an Iodáilis), LT (an Liotuáinis), LV (an Laitvis), MT (an Mháltais), NL (an Ollainnis), PL (an Pholainnis), PT (an Phortaingéilis), RO (an Rómáinis), SK (an tSlóvaicis), SL (an tSlóivéinis), SV (an tSualainnis).</i></p> <p>Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur sainíodh na roghanna um an dara teanga sa nós imeachta roghnóireachta i gcomhréir le leas na seirbhíse, leas lena n-éilítear go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí agus/nó na ngníomhaireachtaí.</p> <p>Faoi Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmarc Comhphobail, arna leasú agus arna chódú le Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir leis an trádmarc Comhphobail, bunaíodh an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmarcanna agus Dearaí), atá neamhspleách i ndáil le hábhair theicniúla agus a bhfuil neamhspleáchas dlíthiúil, riaracháin agus airgeadais aici.</p> <p>In Airteagal 119(2) den Rialachán sin, leagtar síos socruithe sonracha teanga na hOifige: is iad teangacha na hOifige an Spáinnis, an Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Iodáilis.</p> <p><i>I gcomhair sonraí ar na leibhéil teanga, féach ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha</i>  <a href="https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr">(<a href="https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr">https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr</a>)</a></p>
<p>Coinníollacha sonracha: cáilíochtaí agus taithí oibre</p>	<p><b><i>I gcomhair FGIII :</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oideachas iar-mheánoideachais agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh, agus taithí ghairmiúil oibre iomchuí aon bhliana amháin, nó</li> <li>• Oideachas dara leibhéal agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas iar-mheánoideachais, agus taithí ghairmiúil oibre iomchuí ceithre bliana.</li> </ul> <p><b><i>I gcomhair FGIV :</i></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúrsa staidéir ollscoile trí bliana ar a laghad curtha i gcrích agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh, agus taithí ghairmiúil oibre iomchuí trí bliana ar a laghad.</li> </ul> <p>Ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas, ní mór go mbeadh dioplómaí a fuarthas lasmuigh den Aontas Eorpach formheasta ag an údarás inniúil náisiúnta de chuid Ballstáit.</p>

**Ní fhéadfaidh na hiarrthóirí a rogha teangacha a athrú nuair a bheidh a bhfoirm iarratais ar líne bailíochtaithe acu.**

## CONAS A ROGHNÓFAR MÉ?

Tá na céimeanna seo a leanas san áireamh sa nós imeachta roghnóireachta:

- 1) *Cuardaíonn na seirbhísí earcaíochta bunachar na n-iarrthóirí cláraithe*
- 2) *Réamhroghnúchán: tástálacha cumais réasúnaíochta*
- 3) *Tástáil inniúlachta*
- 4) *Agallamh le haghaidh poist*
- 5) *Earcaíocht*

Is mian linn a chur in iúl duit nach ionann d'ainm a bheith sa bhunachar sonraí agus ráthaíocht go ndéanfar post a thairiscint duit. Ionas go mbeidh tú incháilithe i gcomhair tairiscint poist, ní mór go gcomhlíonfá na riachtanais incháilithe agus ní mór na chéad 4 chéim thuas a bheith curtha i gcrích go rathúil agat.

### 1) *Cuardaíonn na seirbhísí earcaíochta bunachar na n-iarrthóirí cláraithe*

De réir mar is gá, cuardóidh na seirbhísí earcaíochta (OHIM) an bunachar sonraí agus cuirfidh siad ar an ngearrliosta líon teoranta iarrthóirí arb amhlaidh ina dtaobh, ar bhonn na faisnéise ina gcuid iarratas, gur fearr a bhfuil siad ag teacht leis na riachtanais poist atá i gceist.

### 2) *Réamhroghnúchán: tástálacha cumais réasúnaíochta*

Más rud é go gcuirtear ar an ngearrliosta thú, tabharfar cuireadh duit chun tabhairt faoi shraith tástálacha cumais réasúnaíochta. Is dócha gur in áitreabh OHIM in Alicante a bheidh na tástálacha ar siúl.

Ionas go n-éireoidh leat sa chéim réamhroghnúcháin, ní mór duit an pasmharc íosta a bhaint amach mar atá léirithe sa tábla thíos.

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, nuair a éireoidh leat sna tástálacha cumais réasúnaíochta, go ndéanfar na torthaí a thaifeadh agus go mairfidh a mbailíocht. Ní bheidh ort tabhairt faoin na tástálacha arís.

Cuimseofar leis na tástálacha cumais réasúnaíochta sraith fo-thástálacha chun cumas réasúnaíochta an iarrthóra a thomhas, mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is ar ríomhaire a dhéanfar na tástálacha cumais réasúnaíochta, a bheidh i bhfoirm tástálacha ilroghnacha. Déanfaidh na hiarrthóirí na tástálacha sin ina ndara teanga.

Formáid na Tástála		An t-achar ama a bheidh ceadaithe don tástáil	Teanga na tástála	Líon uasta na bpointí	An scór íosta atá de dhíth	
					FG III	FG IV
Fo-thástáil a)	Scileanna réasúnaíochta a briathartha (tástáil ilroghnach)	18 nóiméad	Dara teanga an iarrthóra (L2)	10	5/10	6/10

<b>Fo-thástáil l b)</b>	Scileanna réasúnaíocht a uimhríochta (tástáil ilroghnach)	10 nóiméad	Dara teanga an iarrthóra (L2)	5	Is ionann an scór íosta comhiomlánaith e do thástáil b agus c agus 8/15	Is ionann an scór íosta comhiomlánaith e do thástáil b agus c agus 9/15
<b>Fo-thástáil l c)</b>	Scileanna réasúnaíocht a briathartha: réasúnaíocht theibí (tástáil ilroghnach)	10 nóiméad	Dara teanga an iarrthóra (L2)	10		

Lena réamh-chomhaontú (le bheith breactha síos san fhreagra ar chuireadh le haghaidh tástálacha), na hiarrthóirí sin a dhéanann iarratas ar fheidhmghrúpa FG IV agus nach bhfaigheann an pasmharc riachtanach, déanfar iad a athaicmiú i bhfeidhmghrúpa III, a fhad is go mbaineann siad an pasmharc amach le haghaidh feidhmghrúpa III. Teipfidh ar iarrthóirí nach mbainfidh amach an pasmharc íosta riachtanach.

### 3) *Tástáil inniúlachta*

Déanfaidh na hiarrthóirí tástáil inniúlachta chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid **eolais i réimse na maoin intleachtúla**. Ní mór do na hiarrthóirí an tástáil sin a dhéanamh i gceann de chúig theanga oibre OHIM, arna sainiú ag an Oifig, i gcomhréir leis an bpróifíl poist shonrach atá ag teastáil. D'fhéadfadh an tástáil a bheith ar ríomhaire nó ar pháipéar, nó d'fhéadfadh gur tástáil phraiticiúil a bheadh i gceist.

<b>Formáid na Tástála</b>	<b>An t-achar ama a bheidh ceadaithe don tástáil</b>	<b>Teanga na tástála</b>	<b>Líon uasta na bpointí</b>	<b>Scór íosta atá de dhíth</b>
Tástáil sa réimse a roghnaíodh	45 nóiméad	ES nó EN nó FR nó DE nó IT	50	25

Is dócha gur in áitreabh OHIM in Alicante a bheidh an tástáil inniúlachta ar siúl.

### 4) *Agallamh le haghaidh poist*

Déanfar tástáil san agallamh ar na cumais ghinearálta atá ag an iarrthóir chomh maith leis na hinniúlachtaí sa réimse ábhartha.

Beidh an t-agallamh i gceann de chúig theanga oibre OHIM. Is dócha gur in áitreabh OHIM in Alicante a bheidh an t-agallamh ar siúl.

### 5) *Earcaíocht*

Má chomhlíonann tú gach ceann de na critéir cháilitheachta agus má éiríonn leat sna tástálacha réamhroghnúcháin, sa tástáil inniúlachta agus san agallamh, d'fhéadfadh sé go bhfaighfeá tairiscint fhoirmiúil fostaíochta.

Sula n-earcófar thú, iarrfar ort na leaganacha bunaidh de na doiciméid tacaíochta agus na deimhnithe a chur ar fáil d'fhonn an fhaisnéis i d'iarratas a sheiceáil agus a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe. Más rud é, ag aon chéim den nós imeachta, go gcruthófar go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil bréagach, déanfar thú a dhícháiliú agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí.

## CONAS, CATHAIN AGUS CÉN ÁIT IS FÉIDIR LIOM IARRATAS A CHUR ISTEACH?

Ní mór duit iarratas a chur isteach [ar líne \(http://europa.eu/epso/apply/jobs/index\\_en.htm\)](http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm) trí do [Chuntas](https://europa.eu/epso/application/passport/login.cfm?langsub=ok&lang=en) [EP SO](https://europa.eu/epso/application/passport/login.cfm?langsub=ok&lang=en) (<https://europa.eu/epso/application/passport/login.cfm?langsub=ok&lang=en>) agus an tagairt a bhaineann leis an bpróifíl agus an feidhmghrúpa a roghnú, mar atá léirithe thíos. Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlánú i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis nó i Spáinnis. Na hiarrthóirí ar fad a thabharfaidh freagra ar an nglao, déanfar iad a chlárú sa bhunachar sonraí, a bheidh bailí ar feadh 1 bhliain amháin agus an fhéidearthacht ann go mbeidh siad bailí ar feadh tréimhse níos faide.

Oifigeach um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa III (FGIII)  
Saineolaí um maoin intleachtúil – Feidhmghrúpa IV (FGIV)

Ní úsáidfear na hiontrálacha i gclibeanna scagtha tallainne chun iarrthóirí a aicmiú ná a chur as an áireamh, ach mar fhaisnéis chomhlántach chun meaits a chinneadh idir riachtanais an phoist agus cáilíochtaí agus taithí na n-iarrthóirí.

*Tabhair do d'aire le do thoil gurb amhlaidh, sa Ghlaeo seo, nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaíthe agat, nach mbeidh tú in ann aon athruithe a dhéanamh a thuilleadh. Déanann EPSO na sonraí a chuirtear isteach a phróiseáil chun cuidiú le OHIM le heagrú an nós imeachta roghnóireachta.*

*Spriocdháta maidir le bailíochtú an iarratais 21/12/2015, 12:00 (meán lae) am na Bruiséile*

## CONAS A DHÉANFAIDH OHIM TEAGMHÁIL LIOM?

I gcás gach céime den nós imeachta, déanfar cumarsáid tríd an ríomhphost. Úsáidfear cúig theanga oibre OHIM ( an Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis,) le haghaidh na gcuirí chuig na tástálacha roghnóireachta agus na hagallaimh agus in aon chomhfhreagras idir na hiarrthóirí agus OHIM.

Beidh OHIM i dteagmháil le hiarrthóirí tríd an seoladh ríomhphost a thugtar ina gcuntas EPSO. Is ar na hiarrthóirí atá an cúram féachaint ar a mbosca ríomhphoist (ní a gcuntas EPSO) go rialta chun an fhaisnéis a bhaineann lena n-iarratas a sheiceáil.

Féadfaidh iarrthóirí teagmháil a dhéanamh le OHIM ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: [contractagentsselection@oami.europa.eu](mailto:contractagentsselection@oami.europa.eu).

## CONAS IS FÉIDIR LIOM ATHBHREITHNIÚ A IARRAIDH NÓ NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNIÚCHÁIN A CHOMHDÚ?

### 1. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ

I gcás fadhbanna teicniúla a fhágann nach féidir leis an iarrthóir é nó í féin a chlárú, ní mór EPSO a chur ar an eolas láithreach ar an lá céanna, tríd an bhfoirm ar líne ar shuíomh gréasáin EPSO.

Ó thaobh ábhar na dtástálacha cumais réasúnaíochta agus/nó na tástála inniúlachta, ní mór na hiarrataí ar bhearta ceartaitheacha a dhéanamh chomh luath agus is féidir, tráth nach déanaí ná **10 lá féilire ó dháta do thástála**, ar an ríomhphost chuig [contractagentsselection@oami.europa.eu](mailto:contractagentsselection@oami.europa.eu).

San iarraidh sin, ní mór don iarrthóir a uimhir iarrthóra nó a huimhir iarrthóra a thabhairt, mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun cineál na hearráide líomhnaithe a shainaithint agus na fáthanna a gcreideann sé nó sí go bhfuil athbhreithniú riachtanach.

**Iarratais a gheofar tar éis an spriocdháta nó nach mbeidh soiléir go leor chun an earráid líomhnaithe a shainaithint, ní chuirfear san áireamh iad.**

## **2. ACHOMHAIRC**

Tabhair do d'aire le do thoil gurb amhlaidh maidir le gearán riaracháin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh gurb é OHIM an t-údarás ábhartha (an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Thabhairt i gCrích) agus dá bhrí sin ba chóir gach éileamh den sórt sin a sheoladh

Cibé acu tríd an bpost chuig:

OHIM

Avenida de Europa, 4

E-03008 Alicante

An Spáinn

Nó trí ríomhphost chuig:

[contractagentsselection@oami.europa.eu](mailto:contractagentsselection@oami.europa.eu)

Más rud é go ndiúltaítear do do ghearán, cibé go sainráite nó go neamhinste (tar éis dheireadh na tréimhse 4 mhí ón dáta a taisceadh an gearán faoi Airteagal 90(2), is féidir leat achomharc breithiúnach a chur isteach faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne.

Le sonraí a fháil ar conas achomharc breithiúnach a chur isteach agus conas na spriocdhátaí a chinneadh, féach ar láithreán gréasáin Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh ag: [http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5\\_5230](http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5_5230).

## **FORAIS DÍCHÁILITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS IARRATAIS**

Bíonn EPSO agus OHIM an-chúramach agus iad ag féachaint chuige go gcloítear leis an bprionsabal um chóir chomhionann. Dá bhrí sin, más rud é ag aon chéim den nós imeachta go bhfaighidh EPSO nó OHIM amach go bhfuil níos mó ná cuntas EPSO amháin cruthaithe agat, go ndearna tú níos mó ná iarratas amháin ar an nós imeachta roghnóireachta seo nó go bhfuil aon dearbhuithe bréagacha déanta agat, déanfar thú a dhícháiliú.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois. Ba mhaith linn a chur in iúl nach mór d'aon duine arna earcú ag na hinstiúidí/na gníomhaireachtaí a thaispeáint gur den ionracas is airde is féidir iad.

## CAD FAOI SHOCRUITHE SPEISIALTA A D'FHÉADFADH A BHEITH DE DHÍTH ORM DE BHARR MÍCHUMAIS?

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá riocht ort a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeidh deacrachtaí agat agus an tástáil á déanamh agat, cuir tic sa bhosca a fhreagraíonn don chás sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh céard iad na socruithe a mheasann tú is gá chun é a fhágáil níos éasca agat an tástáil a dhéanamh, agus luaigh uimhir an nós imeachta roghnóireachta agus d'uimhir iarratais (ná fág ar lár iad siúd).
2.	Seol isteach deimhniú leighis nó deimhniú lena bhfianófar do mhíchumas, arna eisiúint ag comhlacht aitheanta (cibé acu is cuí) a luaithe is féidir tar éis duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú. Déanfar scrúdú ar na doiciméid tacaíochta sin ionas gur féidir socruithe speisialta a oireann do gach cás a dhéanamh d'fhonn iarrataí a mheastar a bheith réasúnach a shásamh (chomh fada agus is féidir). Ba chóir iarratais agus doiciméid tacaíochta a sheoladh: ar an ríomhphost chuig: <a href="mailto:contractagentsselection@oami.europa.eu">contractagentsselection@oami.europa.eu</a> nó sa phost chuig: OHIM An Rannóg Acmhainní (Roghnú gníomhaire ar conradh) Avenida de Europa, 4 E-03008 Alicante An Spáinn